Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2
## Ardsraith

**[GSC22]**

GSC22

**DÉARDAOIN 11 SAMHAIN 2010, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

6426.04

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Is comhvacsaín í MMR a chosnaíonn daoine ar phlucamas, bhruitíneach agus rubella. In 1998 tuairiscíodh go bhféadfadh nasc a bheith ann idir an vacsaín MMR agus uathachas a theacht ar dhaoine.

**(i)** Cén éifeacht, dar leat, a bhí ag an nasc seo a tuairiscíodh ar líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú le MMR in 1998?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cén éifeacht a bhí aige seo, dar leat, ar líon na bpáistí ar tháinig an bhruitíneach orthu sna blianta i ndiaidh 1998?

______________________________________________ [1]

**(iii)** Tá líon na bpáistí atá á vacsaíniú anois in aghaidh MMR ar comhleibhéal le líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú roimh 1998. Cén fáth a bhfuil sé seo amhlaidh, dar leat?

______________________________________________ [1]

**(b)** Bhí ionfhabhtú scornaí ar Shorcha agus bhí sí an-tinn. Bhí an dochtúir cinnte gur baictéar de chineál éigin ba chúis leis agus thug sé antaibheathach di.

**(i)** Luaigh **dhá** fháth gur antaibheathach seachas vacsaín a thug an dochtúir do Shorcha.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach, dar leat, nach mbaintear ró-úsáid as antaibheathaigh?

______________________________________________ [1]

**(c)** Taispeánann an léaráid fagaicít (tíopa d'fhuilchill bhán) agus tom baictéar.




**(i)** Comhlánaigh an léaráid thuas lena thaispeáint cad é an chéad rud eile a tharlóidh. [1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas a thaispeántar.

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**2** Is bithbhreosla í saileach a fhásann chomh gasta sin gur féidir í a bhaint i ndiaidh 3 bliana d'fhás.

**(a)** Nuair a bhíonn saileach in úsáid mar bhithbhreosla, is sampla d'fhorbairt **inbhuanaithe** é. Mínigh ina iomláine cén fáth.

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

**(b)** Deir eolaithe áirithe nach mbíonn éifeacht ann ar athrú aeráide nuair a fhástar saileach agus nuair a úsáidtear í mar bhithbhreosla.

Mínigh ina iomláine cad chuige a ndeir siad é seo.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

**(c)** Luaigh dóigh amháin a spreagfadh an Rialtas feirmeoirí le saileach a fhás.

____________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Tá daonra Thuaisceart Éireann beagnach chomh hard le 1.8 milliún anois. Is é an príomhfháth atá leis seo go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

Luaigh **dhá** fháth a bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b)** Nuair a bhíonn daonra ag méadú caithfear bia a tháirgeadh ar dhóigh is éifeachtúla. Is féidir feirmeoireacht is éifeachtúla a fhorbairt trí antaibheathaigh a chur le bia an bheostoic a ndéantar dianfheirmeoireacht air.

**(i)** Mínigh ina hiomláine an dóigh a méadófaí ar tháirgeacht trí antaibheathaigh a chur leis an bhia.

______________________________

______________________________ [2]


**(ii)** I gcuid mhór tíortha anois, tá cosc ar antaibheathaigh a chur le bia an bheostoic ar bhonn gnáthaimh. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

______________________________

______________________________ [2]

**4 (a)** Ailse craicinn atá á léiriú sa léaráid seo a leanas. Tá ailse craicinn ar chuid mhór daoine i dTuaisceart Éireann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(i)** Agus an léaráid in úsáid agat, luaigh **dhá** dhóigh a bhfuil na cealla ailse difriúil le gnáthchealla.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(ii)** Mínigh an dóigh a dtagann ailse ar chealla craicinn áirithe.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**(b)** Daoine atá ag dul chun na hÁise den chéad uair, caithfidh siad roinnt vacsaíní **nua** a fháil sula n-imíonn siad. Mínigh cad chuige.

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**5** **(a)** Tá dhá chineál brocóige ann atá difriúil lena chéile go géiniteach; an cineál geal agus an cineál dorcha mar atá le feiceáil sa léaráid seo thíos. Bíonn an dá chineál acu le fáil ar stoc crainn agus is maith le héin iad a ithe.



Taispeánann an tábla seo a leanas cad é mar a d'athraigh céatadán na mbrocóg dorcha idir 1800 agus 1900.


**(i)** Comhlánaigh an tábla tríd an chéatadán don chineál gheal a ríomh.

| | % brocóg | |
|---|---|---|
| Bliain | Cineál dorcha | Cineál geal |
| 1800 | 2 | |
| 1825 | 5 | |
| 1850 | 5 | |
| 1875 | 55 | |
| 1900 | 95 | |

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Ar an eangach thíos, cuir scálaí ar na haiseanna, breac agus tarraing líneghraf do chéatadán na mbrocóg **dorcha** ó 1800–1900.




[3]

Idir 1800 agus 1900 d’éirigh na stoic chrainn níos dorcha mar gheall ar thruailliú deataigh (súiche).

**(iii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar an athrú ar líon na mbrocóg **geal** sa tréimhse seo.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [3]

**(b)** Ba trí roghnú saorga a táirgeadh an chruithneacht seo thíos.



*I ngort ina bhfuil cruithneacht nua-aimseartha, bíonn na sifíní uilig ar comh-airde agus bíonn líon mór síolta sna diasa.*

© Ingram Publishing/SuperStock

Agus cruithneacht á húsáid mar eiseamláir agat, cuir síos ar an phróiseas a bhaineann le roghnú saorga agus mínigh an dóigh a dtéann sé chun tairbhe do fheirmeoirí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(c)** Ainmnigh an t-eolaí a chuir teoiric na héabhlóide chun tosaigh.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**6** **(a)** Is é atá i gceist le hanaclann dúlra limistéar a bhfuil sé mar shainchuspóir aige an bhithéagsúlacht (an réimse de speicis phlandaí agus de speicis ainmhithe atá ann) a chothabháil nó a shaibhriú.

Bíonn anaclanna dúlra áirithe oscailte don phobal ach ní bhíonn cead isteach ag an phobal i gcás cuid eile acu.

Tugann an taighde a rinneadh ar na mallaibh le fios, i gcás anaclanna dúlra áirithe, gur tháinig laghdú ar an bhithéagsúlacht mar gheall ar chead isteach a bheith ag an phobal.

**(i)** Luaigh dóigh **amháin** a laghdófaí ar bhithéagsúlacht mar gheall ar chead isteach a bheith ag an phobal.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Pleanáil imscrúdú lena fháil amach an gcuirtear isteach ar an bhithéagsúlacht in anaclann dúlra mar gheall ar chead isteach a bheith ag an phobal.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |

**(b)** Taispeánann an léaráid thíos cad é mar a thruailleofaí an t-uisce agus cad é mar a mharófaí éisc mar gheall ar níotráití a bheith ag dul isteach in uiscebhealaí.




An léaráid agus do chuid eolais féin in úsáid, mínigh an dóigh a bhfuil an Treoir Eorpach um Níotráití ina cuidiú le truailliú uisce a laghdú.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

___________________________________________________________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6426.04